Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ná

Scoileanna Caitliceacha:
Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh.

Bliain dúshlánach eile ba ea an bhliain seo caite do na daltaí, agus do phobal iomlán na scoile. Tugann feidhmiú an chláir vacsaínithe dóchas agus spreagadh dúinn. Tarlaíonn Seachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ón 23 go 30 Eanáir 2022.

Bhain fócas na bliana seo caite leis an teacht aniar, le hathaontú agus le hateagmháil a dhéanamh leis na scoláirí. Beidh an fócas i mbliana ar an saol a chaitheamh agus dóchas sa todhchaí ionainn, ar athaontú agus ar ateagmháil a dhéanamh leis an bpobal leathan áitiúil de réir mar a ghearrtar siar ar na srianta, agus go dtarlaíonn athoscailt na sochaí.

Roghnaíomar píosa ceoil do thráth Mhí na Samhna na bliana seo dar teideal 'God Will Wipe Away all Tears' a scríobh an cumadóir Éireannach Bernard Sexton. Chum Bernard an t-amhrán seo ar mhaithe le híospartaigh COVID-19, ar mhaithe leis na gaolta agus na cairde chomh maith. Tugann an curfá le fios go mbíonn cabhair Dé ar fáil dúinn, is cuma cé chomh duairc an staid ina mbímid:

God will wipe away all tears,
God will bring you home
To the place he has prepared for you,
You shall never be alone.
Storms may gather, evening falls,
Daylight turns to shade,
And when your earthly work is done,
Do not fear, be not afraid.

Is litir thréadach í *Fís 08: Fís don Oideachas Caitliceach in Éirinn* a d'fhoilsigh Comhdháil na nEaspag Caitliceach Éireannach. Léiríonn an imlitir seo, fís na n-easpag Caitliceach maidir le riachtanais an oideachais Chaitlicigh. Bíonn tuairimí na litreach seo le sonrú ar fud Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha gach uile bhliain, agus tá siad go mór le sonrú in imeachtaí na bliana seo. Beidh ábhar ón litir seo á lua againn i 'Machnamh an Lae', le tabhairt le fios cé chomh mór agus a bhíonn na h-easpaig i dteagmháil le gach uile scoil Chaitliceach in Éirinn.

Beidh acmhainní Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha ar fáil ar líne arís i mbliana, agus ábhar iontu don tsraith Shóisearach agus don tsraith Shinsearach chomh maith.
Baineann cleachtaí le gach aon cheacht a thacaíonn leis an straitéis náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta, chomh maith le cleachtaí machnamhacha a chabhraíonn leis an measúnú sa seomra ranga. Tá rogha chleachtaí fairsingithe ar fáil do na daltaí chomh maith.

Is féidir na hacmhainní do Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2022 a íoslódáil ag: www.catholicschools.ie.

Moladh duit a Thiarna.
Le gach aon bheannacht,

An Fhoireann Scríofa Acmhainní.

MACHNAMH AN LAE

Tagann bunbhrí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha na bliana seo ón doiciméad *Fís 08: Fís don Oideachas Caitliceach in Éirinn.*

AN LUAN

Caithfear adhradh Dé tríd an urnaí, agus comóradh an liotúirge agus na sacraimintí (an bealach isteach chun an tsaoil dhiaga) a chur i gcroílár shaol na scoile Caitlicí. (*Fís 08: Fís don Oideachas Caitliceach in Éirinn*)

Déanaimid machnamh inniu mar Chaitlicigh, ar an mbealach ina gciallaíonn sé go gcaithfear é a chaitheamh in éineacht le Dia, má theastaíonn uainn saol iomlán lántairbhe a chaitheamh ar chor ar bith. Bíonn tuairimí éagsúla againn faoi láithreacht Dé, agus tagann athruithe áirithe ar an tuiscint atá againn i leith Dé de réir mar a théimid ar aghaidh ar aistear na beatha. De réir mar a bhíonn saol an Chaitlicigh agus saol Dé fite fuaite lena chéile, is mar sin a bhíonn saol na scoile Caitlicí fite fuaite le saol Dé.

Scríobh Walford Davies iomann dar teideal 'God Be in My Head'. Guímid chomh maith go mbeidh an Tiarna ar intinn againn, inár gcroí againn. Guímid go mbeidh Dia i gcroí agus in intinn na scoileanna Caitliceacha. Bímid ag súil leis go mbeidh grá Dé go mór le sonrú i ngníomh, ar fud na scoile i gcónaí, agus i rith cheiliúradh na sacraimintí lena chéile anseo ach go háirithe.

AN MHÁIRT

Is é aidhm na scoileanna Caitliceacha ná timpeallacht oscailte, sonasach, spreagúil a chruthú, pobal ina dtugtar Cothrom na Féinne do chách. (*Fís 08: Fís don Oideachas Caitliceach in Éirinn*)

Déanaimid machnamh inniu ar cé chomh hionchuimsitheach is atá an scoil seo againne. Tá sonraíocht nua na Sraithe Shóisearaí fite fuaite tríd an oideachas, agus iarrtar orainn a bheith ag ceistiú, ag iniúchadh, ag fiosrú agus ag machnamh i gcónaí faoi chúrsaí. Bíonn an dearcadh seo riachtanach maidir le timpeallacht ionchuimsitheach a chruthú, áit ina mbeidh fáilte roimh chách, roimh lucht an chreidimh agus rompu san gan creideamh ar bith. Déanaimid machnamh inniu ar na deiseanna a tugadh dúinne a bheith ag ceistiú, ag iniúchadh, ag fiosrú agus ag machnamh. Ba cheart na scileanna seo a chothú chomh fada agus is féidir, ní hamháin sa rang Oideachas Reiligiúnach, ach i ngach aon rang sa scoil Chaitliceach.

AN CHÉADAOIN

Éard is oideachas ná an bealach ina ndéanann pobail fhorluiteacha éagsúla muidne a ghlacadh isteach i saol agus in oidhreacht shaibhir a roinntear linne. (*Fís 08: Fís don Oideachas Caitliceach in Éirinn*)

Déanaimid machnamh inniu ar an ról a bhíonn ag an mhuintir aosta, agus ag na seantuismitheoirí ach go háirithe, inár saol.

De réir mar a tharla athoscailt na tíre, is ea is mó a bhí deis ag daoine a bheith athaontaithe lena muintir mhuirneach féin. I rith na paindéime, ba dhaoine leochaileacha iad an pobal

aosta, agus na seantuismitheoirí chomh maith, agus cuireadh ceist ar na daoine sin clutharú a dhéanamh ionas go bhféadfaidís a bheith slán sábháilte ón ngalar. De réir mar a tharlaíonn athoscailt na tíre agus scaipeadh an chláir vaicsínithe, beidh deis feabhsaithe againn ateagmháil a dhéanamh leis an mhuintir mhuirneach leochaileach aosta. Cé gur tugadh daoine leochaileacha ar na daoine sin, d'éirigh linne ar bhealaí éagsúla fanacht i dteagmháil ghrámhar leo. Ba mhór againn an teagmháil seo a bheith againn. Anois, os rud é go bhfuil an drochlá taobh thiar dínn, is féidir linne, pobal na scoile Caitlicí, na bealaí sin a aithint ina dtugann an mhuintir aosta a gcuid saibhris féin isteach inár saol. Gabhaimid buíochas le Dia go bhfuil siad inár dteannta. Is cuid de phobal na scoile Caitlicí seo againne iad, de bharr go bhfuil siad nasctha linne.

AN DÉARDAOIN

Déanann na Scoileanna Caitliceacha gach iarracht fís shainiúil na beatha, agus fealsúnacht an oideachais a réitíonn léi, a chur chun cinn. (*Fís 08: Fís don Oideachas Caitliceach in Éirinn*)

Scrioptúir: 'Tugaim buíochas duit de bharr iontas mo dhéantúis;
de bhrí gurb éachtach iad d'oibreacha.' (Salm 139)

Machnamh: Bíonn an t-ádh orainn uaireanta, iontais áirithe a tharlaíonn taobh amuigh dínn féin a thabhairt faoi deara, bhainfidís leis an nádúr, leis na healaíona, le daoine áirithe. Is minic go ndéanaimid dearmad faoi na hiontais atá istigh ionainn féin. Is furasta an rud é díspeagadh a dhéanamh orainn féin, nó féin-íomhá íseal a chothú. Tarlaíonn a leithéid uaireanta toisc go gceapaimid nach bhfuil meas ag daoine eile orainn. Bíonn dul amú orainn faoina leithéid go minic. Sáraíonn an grá domhain pearsanta atá ag Dia dúinn, gach aon féinamhras a bhainfeadh linn. Is deacair an rud é glacadh le moladh ó dhaoine eile, gan a bheith uafásach sotalach faoi, mar a tharlaíonn uaireanta. Tugtar ár ndúshlán an chothromaíocht cheart a bheith inár saol. An nglacfaimid leis an dúshlán sin? An mbeidh tacaíocht agus spreagadh ar fáil i measc phobal na scoile Caitlicí seo a chabhródh linne na dúshláin a shárú?

AN AOINE

Bíonn an t-oideachas Caitliceach go mór faoi anáil an tSoiscéil, agus mar sin baineann meas ar shaoirse agus ar dhínit gach duine aonair leis. (*Fís 08: Fís don Oideachas Caitliceach in Éirinn*)

Scrioptúir: 'Tháinig mise chun go mbeadh an bheatha acu agus go mbeadh sí acu go fial.' (Eoin 10:10)

Machnamh: Ceaptar uaireanta, go mbíonn neamhréiteach ann idir saol iomlán lántairbhe a chaitheamh ag an am faoi láthair, agus aghaidh a bheith againn ar an todhchaí. Ní gá go mbeadh neamhréiteach ann, is féidir an dá thrá a fhreastal. Má mhairimid go hiomlán beo bríomhar san am atá againn faoi láthair, is bunchloch fiúntach é sin don todhchaí dearfach. Má iompaímid ár gcroí agus ár n-intinn i dtreo Dé agus i dtreo an duine eile, is féidir linn a bheith sona sásta san am i láthair, agus a bheith ag díriú ar an todhchaí a thógáil agus a shaibhriú dúinn féin. Tugann na scoileanna Caitliceacha gach tacaíocht dúinn san iarracht seo.